Is Fostóir Comhdheiseanna í Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Leabhrán Eolais d'Iarrthóirí

Comórtas oscailte le haghaidh ceapacháin chuig an bpost mar

**Leas-Phríomh-Aralt na hÉireann,**

**ar Leibhéal Coimeádaí Cúnta Grád 1,**

**i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann**

Dáta deiridh a nglacfar le hiarratais: **9th Deireadh Fómhair 2026, ag 3pm**

Tá Leabharlann Náisiúnta na hÉireann tiomanta do bheartas comhdheiseanna

Sonraí Teagmhála: Roinn Acmhainní Daonna

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

4 Sráid Chill Dara,

Baile Átha Cliath 2.

R-phost careers@nli.ie

Teileafón: (353) 1 6030200 | URL: https://www.nli.ie/ga/ce-muid-fein/poist-i-leabharlann-naisiunta-na-heireann

## CÚLRA

Is leabharlann taifid na hÉireann í Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (NLI). Bunaíodh NLI in 1877, agus ainmníodh í mar fhoras cultúrtha féinrialaitheach an 3 Bealtaine 2005 faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, a bhfuil Bord agus Stiúrthóir aici a fheidhmíonn faoi rialachas foriomlán an Bhoird. Tá an Bord, ar a bhfuil cathaoirleach agus 11 ghnáthchomhalta, freagrach don Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt. Tá thart ar 125 ball foirne fostaithe ag an Leabharlann agus cuireann siad obair i gcrích atá bunaithe ar chúig thosaíocht atá sonraithe sa straitéis reatha atá againn faoi láthair. Is iad sin an bailiú, an chosaint, an nochtadh, an rannpháirtíocht agus an nuáil.

Comhroinneann NLI scéal na hÉireann leis an domhan trínár gcnuasaigh uathúla. Tugaimid aire do bhreis is dhá mhilliún déag earra, lena gcuimsítear leabhair, lámhscríbhinní, nuachtáin, grianghraif, priontaí, léarscáileanna, líníochtaí, earraí inbhailithe, ceol agus meáin dhigiteacha. Tá suíomhanna na Leabharlainne i mBaile Átha Cliath, lena n-áirítear an Chartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta i mBarra an Teampaill, oscailte agus saor in aisce dóibh siúd go léir ar mian leo breathnú ar na bailiúcháin agus iad a iniúchadh trí sheomraí léitheoireachta ar díol spéise iad do chuairteoirí iad féin, trí thaispeántais shaibhre éagsúla, agus trí chlár poiblí gníomhach a chur ar fáil. Tá tuilleadh eolais ar fáil ag: Eolas | Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

## FORLÉARGAS AR OIFIG PHRÍOMH-ARALT NA hÉIREANN

Tá Oifig an Phríomh-Arailt, an Oifig Ginealais roimhe seo, ina cuid de Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ó bhí 1943 ann. Tá an sainchúram araltach sin uathúil i measc leabharlanna náisiúnta ar fud an domhain.

Bhí freagracht araltach d’Éirinn roimhe seo mar shainchúram oifig Mhórmhaoir Armais Uladh, a bunaíodh in 1552. Ó 1943 i leith, tá Príomh-Aralt na hÉireann freagrach as armais a bhronnadh agus a dheimhniú do dhaoine aonair agus do chomhlachtaí corparáideacha in Éirinn. Féadfaidh Príomh-Aralt na hÉireann breithniú a dhéanamh freisin ar iarratais ó dhaoine atá thar lear ar féidir leo oidhreacht Éireannach a léiriú agus a bhfuil cónaí orthu i ndlínse nach bhfuil údarás araltach dá cuid féin aici, amhail an Astráil agus SAM. I measc na samplaí suntasacha roimhe seo tá Uachtaráin na Stát Aontaithe John F. Kennedy agus Bill Clinton.

Leagtar amach feidhmeanna reachtúla Oifig Phríomh-Aralt na hÉireann le hAlt 13 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997.

Déantar gach armas a bhronntar a thaifeadadh i sraith Chlár na nArmas atá ann leis na céadta bliain agus a choinníonn an Oifig ar bun. Tugtar Lámhscríbhinní na hOifige Ginealais (GO) ar thaifid fhairsinge ghinealais agus araltacha na hOifige agus, mura ndéantar iad a dhigitiú, is féidir iad a cheadú i Seomra Léitheoireachta Lámhscríbhinní na Leabharlainne ag Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath. Mar gheall ar nádúr leanúnach na

dtaifead, is féidir iad a úsáid chun athruithe polaitiúla agus sóisialta in Éirinn a rianú do bheagnach leath mhílaoise.

**AN RÓL**

Tacaíonn an Leas-Phríomh-Aralt le Príomh-Aralt na hÉireann chun feidhmeanna araltacha an Stáit a chur i gcrích, rud a chinntíonn sláine, scoláireacht agus leanúnachas an chleachtais araltacha. Déanann an ról maoirseacht ar sheachadadh oibríochta laistigh d'Oifig an Phríomh-Arailt, ag bainistiú cásobair araltach agus ghinealais, agus feidhmíonn sé mar ionadaí i gcás neamhláithreacht an Phríomh-Arailt. Cuirfidh an Leas-Phríomh-Aralt le forbairt beartais, le caighdeáin agus le rannpháirtíocht leis an bpobal chomh maith, agus beidh ról lárnach acu maidir le Clár na nArmas agus na taifid ghaolmhara a chothabháil laistigh de Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

**DUALGAIS AGUS FREAGRACHTAÍ**

Agus iad freagrach faoi láthair do Cheannasaí an tSeachadta Seirbhíse, áireofar an méid seo a leanas le dualgais an iarratasóra rathúil:

- **Taighde agus Cásobair Araltach**: Taighde mionsonraithe araltach agus ginealais a threorú; cáschomhaid a ullmhú; armais a dhréachtú; agus tacaíocht a thabhairt do bhronnadh agus clárú armas.

- **Ceannasaíocht Oibríochta**: Oibríochtaí laethúla Oifig an Phríomh-Arailt a bhainistiú, lena n-áirítear seirbhís ginealais NLI; bainistíocht líne a dhéanamh ar an bhfoireann laistigh d'Oifig an Phríomh-Arailt agus den tseirbhís stair theaghlaigh, agus, nuair is gá, maoirseacht a dhéanamh ar an bhfoireann laistigh den fhoireann Seachadta Seirbhíse; idirchaidreamh a dhéanamh le harailt comhairleacha, ealaíontóirí ar conradh, péintéirí, callagrafaithe agus ginealeolaithe; agus maoirseacht a dhéanamh ar shreabhadh oibre, dearbhú cáilíochta, agus caighdeáin seirbhíse.

- **Taifid agus Rialachas**: Clár na nArmas agus taifid chartlainne ghaolmhara a chothabháil; a áirithiú go gcomhlíonfar rialachas NLI, caighdeáin chartlainne, agus ceanglais maidir le cosaint sonraí; agus a chinntiú go gcuirtear tuarascálacha gníomhaíochta agus tuarascálacha ar dhul chun cinn maidir le cuspóirí gnó ar fáil don Fhoireann Ceannasaíochta Leabharlainne, don Choiste Ginealais agus Araltais agus don Bhord de réir mar is gá.

- **Rannpháirtíocht leis an bPobal agus Ionadaíocht**: Freagraí a thabhairt ar fhiosrúcháin phoiblí; cainteanna agus for-rochtain a chur ar fáil; obair Oifig an Phríomh-Arailt a phoibliú agus a chur chun cinn; feasacht a mhúscailt ar ábhar araltach digitithe NLI, agus úsáid a bhaint as saothar agus stair oidhreacht araltais na hÉireann chun an chartlann ábhair seo nach bhfuil mórán aithne uirthi agus nach n-úsáidtear go leor a nochtadh, trí lucht féachana nua a mhealladh léi;

fanacht cothrom le dáta le forbairtí in oidhreacht agus ginealas agus líonra láidir idirnáisiúnta piaraí a bhunú; agus ionadaíocht a dhéanamh don Oifig i bhfóraim araltacha agus ghinealaigh náisiúnta agus idirnáisiúnta nuair is gá.

- **Pleanáil Straitéiseach, Beartas agus Forbairt Caighdeáin**: Rannchuidiú le pleanáil straitéiseach a fhorbairt laistigh de réimse tionchair i gcomhréir le straitéis agus cuspóirí eagraíochtúla níos leithne a fhorbairt; agus cláir oibre a stiúradh chun ailíniú le spriocanna straitéiseacha a áirithiú.

- Ní mór do shealbhóir an phoist a bheith sásta a bheith ag obair tráthnóna agus deireadh seachtaine ócáideach, más gá, chun na cúraimí agus na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh.

- Aon dualgais eile is cuí don phost a chomhlíonadh de réir mar a iarrfaidh an Bainisteoir Líne go réasúnta.

Is treoir ghinearálta don ról atá thuas agus ní cur síos uileghabhálach é ar na dualgais a bhaineann leis an ról ná ar na tascanna a d'fhéadfaí a shannadh don ról Coimeádaí Cúnta Grád I seo laistigh d'Oifig an Phríomh-Arailt.

## CÁILÍOCHTAÍ, SCILEANNA AGUS TAITHÍ ATÁ AG TEASTÁIL

**Bunriachtanais:**

- Céim sa stair, i stair/ginealas theaghlaigh, i léann na meánaoise, i stair na healaíne, i léann na hÉireann, nó i ndisciplín gaolmhar;
- Eolas léirithe ar phrionsabail, cleachtais agus córais araltacha, lena n-áirítear dearadh armas;
- Eolas léirithe ar mhodheolaíochtaí taighde ginealaigh;
- Scileanna láidre anailíseacha agus taighde, a bhfuil cumas cruthaithe acu obair bheacht agus fhianaisebhunaithe a chur ar fáil;
- Taithí ag déanamh maoirseachta ar fhoireann agus ag bainistiú sreafa oibre;
- Sárscileanna cumarsáide scríofa agus labhartha, lena n-áirítear an cumas coincheapa araltacha a mhíniú go soiléir;
- Taithí ar chainteanna poiblí, léachtaí nó for-rochtain a chur ar fáil;
- Litearthacht dhigiteach láidir, lena n-áirítear inniúlacht le Microsoft Office (Word, Excel, PowerPoint, Outlook agus Teams) agus úsáid mhuiníneach córas agus bunachar sonraí ar líne amhail catalóga leabharlainne, ardáin chartlainne nó bainistíochta cnuasach.

**Riachtanais Inmhianaithe:**

- Iarchéim sa stair, i stair/ginealas theaghlaigh, i léann na meánaoise, i léann na hÉireann, nó i ndisciplín gaolmhar;
- Taithí réamhfhostaithe ag obair i leabharlann, nó in institiúid chultúrtha, chartlainne nó oidhreachta;

- An cumas na caighdeáin is airde d'ealaín araltach a chruthaítear de láimh nó trí mheáin dhigiteacha agus meáin eile atá ag teacht chun cinn a thuiscint, a fheabhsú agus a chur chun cinn;
- Taithí ar ábhar meán sóisialta a fhorbairt chun críocha fógraíochta agus faisnéise;
- Taighde foilsithe san araltais, i nginealas na hÉireann, nó i réimsí gaolmhara;
- Taithí ar théacsanna a chur in eagar agus a phrofléamh;
- Inniúlacht sa Ghaeilge agus/nó sa Laidin.

**Sonraíocht faoin bPearsa**

Beidh na nithe seo a leanas ag an iarrthóir rathúil:

- Cumas léirithe chun oibriú de réir spriocdhátaí;
- Cumas léirithe chun oibriú go comhoibríoch laistigh de thimpeallacht foirne bhig;
- Scileanna maithe i ndáil le rudaí a eagrú agus a chur in ord tosaíochta, agus cumas ualaí oibre casta a bhainistiú
- Mionchruinneas den chéad scoth;
- Suim sa chruthaitheacht agus nuálaíocht;
- Dearcadh fulangach, solúbtha agus dearfach;
- Sárscileanna idirphearsanta agus an cumas coincheapa araltacha a chur in iúl go soiléir do lucht féachana nach saineolaithe iad;
- Féinspreagadh agus tionscnaíocht;
- Cinnteoireacht agus breithiúnas stuama agus measúnú á dhéanamh ar rioscaí;
- Treallús agus díocas chun cuspóirí a bhaint amach.

**<u>PRÍOMHCHOINNÍOLLACHA SEIRBHÍSE</u>**

**TUARASTAL:** Seo a leanas an scála pá a bhaineann leis an bpost seo (tá na rátaí éifeachtach ón 1 Meitheamh 2026):

**Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin (RPP)**

Beidh feidhm le scála pá RPP sa chás gur státseirbhíseach nó fostaí sa tseirbhís phoiblí cheana féin an ceapaí a ceapadh ar an 6 Aibreán 1995 nó ina dhiaidh sin agus a cheanglaítear air/uirthi ranníocaíocht phearsanta pinsin a dhéanamh. Beidh feidhm aige freisin maidir le fostaithe buana nua agus fostaithe neamhbhunaithe téarma sheasta.

€76,202 €77,944 €79,680 €81,425 €83,165 €83,629 €85,344 €87,125 €90,024* €92,931**

**Is éard is LSI 1 ann ná incrimint fadseirbhíse a bhronntar ar dhaoine tar éis dóibh 3 bliana a chur díobh ar an bpointe is airde ar an scála*

***Is éard is LSI 2 ann ná incrimint fadseirbhíse a bhronntar ar dhaoine tar éis dóibh 6 bliana a chur díobh ar an bpointe is airde ar an scála*

**Gan Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin (Gan RPP)**
Beidh an tuarastal Gan RPP (Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin) don phost i bhfeidhm sa chás gur státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí é an ceapaí a earcaíodh roimh an 6 Aibreán 1995 agus nach gceanglaítear orthu Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a dhéanamh.

€72,501 €74,161 €75,807 €77,467 €79,121 €80,775 €82,422 €84,093 €85,521* €88,278**

**Is éard is LSI 1 ann ná incrimint fadseirbhíse a bhronntar ar dhaoine tar éis dóibh 3 bliana a chur díobh ar an bpointe is airde ar an scála.*
***Is éard is LSI 2 ann ná incrimint fadseirbhíse a bhronntar ar dhaoine tar éis dóibh 6 bliana a chur díobh ar an bpointe is airde ar an scála.*

**Nóta Tábhachtach**
Tiocfaidh an té a cheapfar isteach ar bhun an scála agus ní dhéanfar aon idirbheartaíocht maidir le ráta an luacha saothair. D'fhéadfaí é a athrú ó am go ham i gcomhréir le beartas pá an Rialtais.

Ba chóir fios a bheith ag iarrthóirí go bhféadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith i gceist i gcás duine atá ag fónamh ina státseirbhíseach nó ina bhfostaí sa tseirbhís phoiblí faoi láthair.

Faoi réir feidhmíochta sásúla, d'fhéadfadh incrimintí a bheith iníoctha de réir Bheartas an Rialtais atá i bhfeidhm faoi láthair (féach mír 5.1 de Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2021 - 2022 chun na hathruithe is déanaí a fheiceáil).

Beidh an ráta pá a thairgfear iníoctha go coicísiúil ar bhonn riaráistí de bhun Ríomhaistriú Airgid (RAA) isteach i do rogha cuntais bainc. Ní fhéadfar íocaíocht a dhéanamh go dtí go gcuirfidh tú uimhir IBAN agus IBIC ar fáil don Aonad Acmhainní Daonna.

Déanfar asbhaintí reachtúla ón tuarastal de réir mar is cuí.

Aontaíonn tú go bhféadfaí aon ró-íocaíocht tuarastail nó taistil agus chothaithe a asbhaint ó íocaíochtaí tuarastail atá dlite duit amach anseo, i gcomhréir leis an Acht um Íoc Pá, 1991. Cuirfear suim na ró-íocaíochta agus na sonraí maidir léi in iúl duit i scríbhinn agus tabharfar fógra seachtaine ar a laghad duit faoin asbhaint atá le déanamh. Beidh méid na hasbhainte cothrom agus réasúnta ag féachaint ar na himthosca uile.

**Tréimhse an Phoist**
Ceapfar an t-iarrthóir rathúil chuig post buan, faoi réir conradh promhaidh 12 mhí a chríochnú go rathúil.

Ní chuireann sé sin cosc orainn síneadh a chur ar an tréimhse promhaidh de réir na gcúinsí. Le linn na tréimhse promhaidh, d'fhéadfadh an bainisteoir/na bainisteoirí ábhartha athbhreithniú rialta a dhéanamh ar fheidhmíocht an cheapaí lena mheas:

(i) ar fheidhmigh siad go sásúil.

(ii) an raibh a n-iompar ginearálta sásúil.

(iii) an bhfuil siad oiriúnach ó thaobh na sláinte de, go háirithe i dtaca le saoire bhreoiteachta.

**Fostaíocht Sheachtrach**
Post lánaimseartha atá i gceist, agus ní cheadófar don cheapaí cleachtadh go príobháideach ná aon nasc a bheith acu le haon ghnóthas seachtrach a bheadh ag teacht salach ar a gcuid dualgas oifigiúil, a chuirfeadh as dá bhfeidhmíocht nó a chuirfeadh a macántacht i mbaol.

**Suíomh**
Beidh an té a cheapfar ag obair ar dtús in áitreabh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann i Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, ach féadfar go mbeidh siad ag obair in aon áitreabh de chuid na Leabharlainne i mBaile Átha Cliath.

**An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997**
Beidh feidhm ag téarmaí an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997, más cuí, leis an bpost seo.

**Uaireanta Freastail**
Beidh na huaireanta freastail mar a shocrófar ó am go ham ach beidh siad cothrom le, ar an meán, nach lú ná 41.25 uair an chloig comhlán in aghaidh na seachtaine ar an meán (35 uair an chloig glan in aghaidh na seachtaine).

**Saoire Bhliantúil**
Is é 30 lá in aghaidh na bliana an liúntas saoire bliantúla. Tá an liúntas sin faoi réir na ngnáthchoinníollacha maidir le saoire bhliantúil agus tá sé bunaithe ar sheachtain cúig lá agus níl na gnáthshaoirí bainc san áireamh leis.

**Cúrsaí Sláinte**
Ní mór d'iarrthóirí ar an bpost, agus do dhuine ar bith i mbun an phoist, a bheith go hiomlán inniúil agus in ann tabhairt faoi na dualgais a bhaineann leis an bpost, agus a bheith i mbail sláinte a léireodh dóchúlacht réasúnach go mbeidh an cumas acu seirbhís rialta agus éifeachtúil a thabhairt.

**Fógra tábhachtach:**
Níl sa mhéid thuas ach na príomhchoinníollacha seirbhíse agus ní hionann iad agus liosta uileghabhálach de na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta uile, a leagfar amach sa chonradh fostaíochta a chomhaontófar leis an té a cheapfar.

**PRÓISEAS AN CHOMÓRTAIS**

**Conas Iarratas a Dhéanamh**

Ba cheart d'iarratasóirí cóip dá Curriculum Vitae agus litir spéise a sheoladh, trí r-phost, chuig Aonad Acmhainní Daonna Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ag **careers@nli.ie**

**Tabhair faoi deara gur chóir na doiciméid uile a bhaineann leis an iarratas a sheoladh isteach in aon doiciméad PDF amháin.**

Cruthófar gearrliosta de na hiarratasóirí bunaithe ar an bhfaisnéis atá le fáil ina n-iarratas. Is iad na hiarrthóirí atá freagrach as a bheith ar fáil le haghaidh agallaimh ag an am agus ar an dáta sannta.

Beidh ainm agus sonraí teagmhála beirt mholtóir ag teastáil tar éis an agallaimh. Forchoimeádann NLI an ceart fiosrúcháin a dhéanamh a mheasann sé is gá i ndáil le hiarratasóir sula ndéantar tairiscint poist.

**Dáta Deiridh**
Tabhair faoi deara gurb é **9th Deireadh Fómhair**, **2026** ag **3pm** an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais. Cloífear go docht leis an dáta deiridh agus an sprioc-am sin.

Dícháileofar iarrthóirí má dhéantar stocaireacht ar bith ar a son.

**Gearrliostú**
De ghnáth, is mó líon na n-iarratas a sheoltar isteach ar phost ná an líon iarratas a theastaíonn le folúntais reatha agus amach anseo don phost a líonadh. In ainneoin go gcomhlíonfadh iarrthóir na riachtanais cháilitheachta don chomórtas, sa chás go mbeadh líon na n-iarrthóirí ar an bpost chomh hard sin nach mbeadh sé praiticiúil agallamh a chur ar gach iarrthóir, féadfaidh an Leabharlann Náisiúnta líon teoranta iarrthóirí a ghlaoch chun agallaimh. Chuige sin, cuireann an Leabharlann Náisiúnta próiseas gearrliostaithe i bhfeidhm chun grúpa iarrthóirí a roghnú i gcomhair agallaimh a meastar fúthu gurb iadsan is mó a oireann don phost ar bhonn an athbhreithnithe a rinneadh ar a bhfoirmeacha iarratais. Déanfaidh bord saineolaithe na foirmeacha iarratais a scrúdú, agus critéir réamhchinnte á gcur san áireamh acu, ar bhonn na riachtanas don phost, agus is iadsan a chinnfidh cé acu a dhéanfar nó nach ndéanfar iarrthóir ar leith a ghearrliostú, le hais na n-iarrthóirí eile a chuir isteach ar an bpost. Ní hé sin le rá gur gá go bhfuil iarrthóirí eile mí-oiriúnach ná neamhinniúil chun an post a dhéanamh, ach go bhfuil roinnt iarrthóirí ann atá níos cáilithe agus/nó a bhfuil níos mó taithí ábhartha acu de réir dealraimh bunaithe ar a n-iarratas. Dá bhrí sin, tá sé chun do leasa féin cuntas beacht mionsonraithe a thabhairt ar do chuid cáilíochtaí/taithí san fhoirm iarratais.

**Leagan Amach an Chomórtais**
Beidh na gnéithe seo a leanas i bpróiseas roghnúcháin an chomórtais:

- Gearrliostú
- Cleachtadh/Cur i Láthair Anailíse

- Agallamh

Beidh an méid seo a leanas i gceist leis an gCleachtadh/Cur i Láthair Anailíse:

- Armas amháin a roghnú as cúig rogha réamhroghnaithe ó obair Oifig Phríomh-Aralt na hÉireann agus cur i láthair 5 nóiméad a dhéanamh ina míneofar é do lucht féachana nach saineolaithe iad. Áireofar sa mhíniú an armas agus aon phointe spéise ar leith (mar shampla, comharthaí idirdhealaithe).
- Cur i láthair 5 nóiméad eile ina leagtar amach a straitéis chun Oifig an Phríomh-Arailt a fhorbairt agus a chur chun cinn sna 3 bliana amach romhainn.

**Painéal**

D'fhéadfadh sé go gcruthófar painéal ón gcomórtas seo as a líonfar folúntais ar leibhéal an Choimeádaí Chúnta Grád 1 má thagann siad aníos amach anseo, idir bhuan agus sealadach.

**Socruithe Speisialta**

Má theastaíonn aon socrú speisialta uait i ndáil le haon ghné den chomórtas seo, cuir an méid sin in iúl do hr@nli.ie

**Iarrthóireacht a mheastar a bheith tarraingthe siar**

Ní bheidh aon éileamh ag iarrthóirí nach soláthraíonn, nuair a iarrtar orthu, cibé fianaise a theastaíonn ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann i ndáil le haon ábhar atá ábhartha dá n-iarrthóireacht, maidir le hiad a chur san áireamh.

**Nósanna Imeachta Athbhreithnithe maidir leis an bPróiseas Roghnúcháin**

Déileáiltear le hiarratais ar athbhreithniú de réir "Cód Cleachtais: Ceapachán i bPoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí" a d'fhoilsigh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí - tá an Cód ar fáil ag www.cpsa.ie

Is mar seo a leanas a chuirfidh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann iarratais (arna gcur faoi bhráid an Aonaid Acmhainní Daonna) san áireamh lena mbreithniú: -

- próiseas neamhfhoirmiúil atá leas le baint as taobh istigh de 5 lá oibre d'fhógra an chinnidh thosaigh (Alt 7.8 den Chód) nó taobh istigh de 2 lá oibre de chinneadh a fháil i ndáil le céim eatramhach (Alt 7.9 den Chód).
- Próiseas foirmiúil: ní mór an t-iarratas ar athbhreithniú a dhéanamh taobh istigh de 10 lá oibre d'fhógra an chinnidh thosaigh, nó i gcás céim eatramhach, ní mór go bhfaighfí an t-iarratas ar athbhreithniú taobh istigh de 4 lá oibre (Alt 7.13 den Chód).
- Féadfaidh an t-iarrthóir a iarraidh go ndéanfadh eadránaí toradh an chinnidh athbhreithnithe tosaigh féin a athbhreithniú agus ba chóir iarratas chuige sin a dhéanamh tráth nach déanaí ná 7 lá oibre tar éis toradh an athbhreithnithe tosaigh a fháil (Alt 7.15 den Chód).

Déantar plé in Alt 8 den Chód ar na Nósanna Imeachta Athbhreithnithe/Achomhairc i ndáil le líomhaintí shárú an Chóid Cleachtais.

**Aiseolas d'Iarrthóirí**

De réir phrionsabail an Chóid Chleachtais thuas, tá Leabharlann Náisiúnta na hÉireann tiomanta d'aiseolas soiléir, sonrach agus fiúntach a thabhairt d'iarrthóirí. Chuige sin, is é beartas Leabharlann Náisiúnta na hÉireann é aiseolas a thabhairt i scríbhinn d'iarrthóirí. Cuimseofar leis seo marcanna an iarrthóra sa chomórtas, an marc a thagarmharcáil i gcoibhneas le feidhmíocht iarrthóirí eile agus trácht ón mbord measúnaithe maidir le feidhmíocht iomlán an iarrthóra faoi gach ceann de na ceannteidil den Chreat Inniúlachta.

**Rochtain ar Fhaisnéis**

Ginfear ceithre chóip den ábhar iarratais ón gcóip bhog a chuirfear isteach tráth an iarratais, le húsáid ag an mbord agallaimh. Ar chur i gcrích an chomórtais coinneoidh an tAonad Acmhainní Daonna cóip **AMHÁIN** agus scriosfar an **TRÍ** chóip eile. Beidh feidhm ag na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 - 2018.

## Leibhéal Innealtóra Grád 1– Príomhtháscairí Feidhmíochta

| | |
|---|---|
| Ceannaireacht | Páirt ghníomhach a ghlacadh i bhforbairt straitéisí agus bheartais na Rannóige / na hEagraíochta |
| | A bheith treallúsach agus fócasaithe ó thaobh ardleibhéil feidhmíochta a fhorbairt agus a choinneáil, agus dul i ngleic le haon fhadhbanna feidhmíochta de réir mar a thagann siad aníos |
| | Iarrachtaí na foirne ina hiomláine a stiúradh, agus a oiread tairbhe agus is féidir a bhaint as na hiarrachtaí sin |
| | Machnamh a dhéanamh ar éifeachtacht torthaí i dtéarmaí atá níos fairsinge ná a sainréimse féin |
| | Cuspóirí/spriocanna a shainaithint go soiléir éifeachtach, agus oibrithe a ghríosú le tascanna a ghabháil chucu féin agus a bheith freagrach astu |
| | Cumas daoine eile a fhorbairt ar bhonn aiseolais, oiliúna agus cruthú deiseanna le haghaidh forbairt scileanna |
| | Deiseanna a shainaithint agus a thapú chun leas a bhaint as cainéil nuálacha nua um sholáthar seirbhísí |
| Anailísiú agus Cinnteoireacht | Taighde cuimsitheach a dhéanamh ar saincheisteanna, agus oibriú i gcomhar le daoine eile chun an t-eolas riachtanach uile a thiomsú leis na ceisteanna sin a réiteach |
| | Tuiscint a fháil go tapa ar cheisteanna casta, agus sonraí a shú isteach agus a mheas go cruinn (lena n-áirítear sonraí uimhriúla) |
| | A bheith in ann snáitheanna éagsúla eolais a chomhcheangal, agus an idirghaolmhaireacht agus na naisc atá eatarthu a shainaithint |
| | Cinnteoireacht shoiléir thráthúil, a bhfuil bunús daingean léi, a dhéanamh i dtaca le ceisteanna tábhachtacha |
| | Machnamh a dhéanamh ar thionchar níos leithne na cinnteoireachta ar réimse páirtithe leasmhara |
| | Seasamh daingean a ghlacadh maidir le ceisteanna a bhfuil tábhacht ag baint leo, dar leis nó léi |
| Bainistíocht agus Torthaí a Bhaint Amach | Freagracht a ghlacadh as tascanna dúshlánacha agus iad a chur ar fáil in am agus ar ardchaighdeán |
| | An obair a phleanáil agus tosaíochtaí oibre a shannadh de réir tábhachta, sprioc-amanna agus srianta acmhainne eile, agus a bheith in ann tosaíochtaí a athshannadh má athraíonn na cúinsí |
| | A chinntiú gur bunchloch d'obair an rannáin iad ardchaighdeáin agus seirbhís éifeachtúil do chustaiméirí |
| | Grinnstaidéar a dhéanamh ar cheisteanna d'fhonn bealach níos fearr a aimsiú chun rudaí a chur i bhfeidhm |
| | A bheith fáilteach roimh smaointe agus tionscnaimh nua, chomh maith le réitigh chruthaitheacha ar fhadhbanna |
| | A chinntiú go bhfuil rialúcháin agus bearta feidhmíochta i ngníomh chun seirbhísí éifeachtúla ar ardluach a sholáthar |
| | Tionscadail iomadúla a bhainistiú go héifeachtach |
| Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide | Eolas a chur i láthair ar chaoi mhuiníneach loighciúil mhealltach, ó bhéal agus i scríbhinn araon |
| | Plé oscailte fiúntach a spreagadh faoi cheisteanna oibre |
| | Comhoibriú a chur chun cinn laistigh den rannán, ach oibriú go héifeachtach freisin ar thionscadail i Rannóga / Earnálacha eile |
| | A bheith in ann fanacht stuama staidéarach agus é nó í ag iarraidh dul i gcion ar dhaoine eile |
| | Tábhacht na Seirbhíse do Chustaiméirí a chur ina luí ar dhaoine ina réimse féin |
| | Líonra teagmhálaithe a fhorbairt agus a choinneáil chun réiteach fadhbanna agus roinnt eolais a éascú |

| | |
|---|---|
| | Déileáil go héifeachtach le réimse páirtithe leasmhara, lena n-áirítear lucht an phobail, comhghleacaithe sa tSeirbhís Phoiblí agus an córas polaitiúil |
| Saineolas, Oilteacht agus Féinfhorbairt | Tuiscint shoiléir a bheith aige nó aici ar a róil, c(h)uspóirí agus spriocanna féin, agus cinn na foirne, agus ar an gcaoi a mbaineann siad le hobair an aonaid agus na Rannóige/na hEagraíochta |
| | Cur amach domhan a bheith aige nó aici ar cheisteanna a bhaineann leis an Rannóg agus an Rialtas, agus a bheith tuisceanach maidir le tosaíochtaí níos leithne polaitiúla agus eagraíochtúla |
| | Meastar é nó í a bheith ina s(h)aineolaí i measc páirtithe leasmhara ina réimse féin |
| | Duine atá dírithe ar an bhféinfhorbairt agus a bhíonn ag lorg aiseolais agus deiseanna fáis le go mbeidh sé nó sí in ann sainriachtanais an róil a chomhlíonadh |
| Dúthracht agus Tiomantas do Luachanna na Seirbhíse Poiblí | Duine féinspreagtha a bhíonn ag iarraidh a bheith ag feidhmiú ag an leibhéal is airde i rith an ama |
| | Ionraic agus iontaofa ar bhonn pearsanta, agus is féidir brath air nó uirthi |
| | Cinnteoidh sé nó sí go dtabharfar tús áite don saoránach i ngach uile sheirbhís a chuirfear ar fáil |
| | Cothaíonn sé nó sí na caighdeáin is airde eitice agus ionracais ar bhonn ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla |